Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Nollaig 2021
(OR. en)

13990/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0179(NLE)**

JUSTCIV 178
JAI 1249
ACP 113

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10588/21 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear do na Ballstáit, ar mhaithe leis an Aontas Eorpach, glacadh le haontachas Iamáice le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí<br>– Glacadh |

1. An 6 Iúil 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit, ar mhaithe leis an Aontas Eorpach, glacadh le haontachas Iamáice le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí.

2. Chuathas i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa an 15 Iúil 2021 agus ghlac sí tuairim dhearfach an 25 Samhain 2021.

3. Scrúdaigh an Mheitheal um Ábhair Dlí Shibhialta (Ceisteanna Ginearálta) an togra ón gCoimisiún agus iarradh ar na toscaireachtaí a mbarúlacha a thabhairt. I bhfianaise na mbarúlacha sin, rinne na saineolaithe dlí agus teanga an togra a athdhréachtú agus a athbhreithniú mar a leagtar amach in 11957/21 é. Tá na toscaireachtaí in ann teacht ar chomhaontú maidir leis an togra.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Coreper/ar an gComhairle an Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit, ar mhaithe leis an Aontas Eorpach, glacadh le haontachas Iamáice le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí, mar a leagtar amach in 11957/21 é.